



Smaoinigh ar Nós Ceannaire: Ag Tabhairt Isteach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Cad is eTwinning ann?

Is ardán ar líne é eTwinning a thacaíonn le múinteoirí agus le hoideachasóirí oibriú le chéile ar thionscadail chomhoibritheacha in aon réimse curaclaim.

Cén fáth a nglacfá páirt in eTwinning?

- Tá suíomh gréasáin tiomnaithe againn inar féidir le múinteoirí próifíl a chruthú, comhpháirtithe a chuardach agus a dtionscadail eTwinning féin a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Tá teacht ag múinteoirí ar 'TwinSpace' freisin. Is spás oibre príobháideach slán ar líne é seo ina ndéanann tú féin agus do chomhpháirtí(íthe) an tionscadal a riaradh agus inar féidir cuireadh a thabhairt do dhaltáí cur leis an TwinSpace mar bhaill.
- Éascaíonn eTwinning deiseanna foghlama ar líne agus duine le duine do mhúinteoirí chun a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus cur chuige oideolaíoch a fheabhsú
- Cuireann nádúr comhoibritheach eTwinning le muinín agus scileanna cumarsáide na ndaltáí
- Tugann eTwinning radharc idirnáisiúnta do dhaltáí ar a gcuid foghlama agus oideachais

Cad é an tionscadal eTwinning 'Smaoinigh ar nós ceannaire - Ag Tabhairt isteach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe'?

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal eTwinning seo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as cur chuige foghlama a bhunaítear ar thionscadail, agus trí scoileanna ó thíortha éagsúla a nascadh agus daltaí a chumasú le dul i mbun gníomhaíochtaí neamhspleácha agus comhoibríocha araon.

Tá sé mar aidhm aige freisin spreagadh a thabhairt do dhaltáí a láidreachtaí féin a aithint mar ghníomhairí athraithe agus iad a spreagadh lena gcuid scileanna a úsáid chun fíor-athrú a fhéadfar a chur i ngníomh a chur ar siúl ina bpobal. Cruthóidh na daltaí aschuir intadhaill ar nós cluichí idirghníomhacha agus ríomhleabhair a rachaidh chun tairbhe a bpobal scoile uile. Is féidir tascanna an tionscadail a úsáid ina n-aonar chun tús a chur le seachtain na Spriocanna Domhanda i mí Mheán Fómhair nó iad a chomhtháthú ar feadh na bliana ar fad

Príomhfhaisnéis:

Leibhéal deacrachta

- Bunrang – eTwinner Ard-leibhéil

Príomhinniúlachtaí

- Scileanna Digiteacha
- Scileanna Teanga
- Scileanna cruthaitheacha
- Scileanna Cumarsáide
- Scileanna Comhoibrithe

Ábhair

- OSIE
- Béarla
- Ealaín
- OSPS

Leibhéal

- Bunscoil (Rang 2 go 6)

Creat Ama Molta

- 1 mhí – 1 scoilbhliain

Conas clárú:

- Déan próifíl ar ESEP ar dtús anseo: [ESEP](#)
- Roghnaigh do ról mar ‘mhúinteoir’.
- Nuair a dheimhníonn tú do phróifíl trí ríomhphost, ba cheart go bhfaighfeá leid chun páirt a ghlacadh in eTwinning.
- I mbarra cuardaigh na n-eagraíochtaí, cuir isteach ainm do scoile.
- Déanfar do phróifíl a bhailíochtú ar an ardán ansin.

Conas is féidir le mo scoil páirt a ghlacadh sa tionscadal seo?

Lean na céimeanna seo le tosú ag nascadh agus ag comhoibriú le scoileanna i dtíortha eile:

Céim 1: Déan nasc - Aimsigh scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm **Cuardach Comhpháirtithe** ar an ardán eTwinning.

Céim 2: Cruthaigh - Roghnaíonn scoileanna comhpháirtíochta a réimsí spéise agus comhlánaíonn siad na tascanna bunaithe ar an réimse sin. Ansin cruthaigh ábhar leis an méid atá foghlamtha agat a thaispeáint.

Céim 3: Comhoibrigh - Comhoibrigh le do scoil/ scoileanna comhpháirtíochta chun a bhfuil foghlamtha agat a roinnt.

Céim 1: Déan nasc

- Aimsigh do scoil/scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm Cuardach Comhpháirtithe ar an ardán eTwinning [anseo](#)
- Bain úsáid as an bhfeidhm Cruinnithe Ar Líne an TwinSpace chun do scoil a chur in aithne inár spás fíorúil.
- Comhaontaigh agus roinn plean oibre agus sceideal ama le do chomhpháirtí(ithe), agus forbair smaointe le haghaidh topaicí. Foilsigh an plean oibre i do TwinSpace agus déan mionathruithe air de réir mar is gá.
- Breathnaigh ar roinnt moltaí taisc thíos chun do scoil a chur in aithne agus chun nascadh le do scoil/scoileanna comhpháirtíochta.

Nóta: Teanga - moltar cuimhneamh ar theangacha na gcomhpháirtithe go léir agus iarracht a dhéanamh le roinnt frásaí bunúsacha, nathanna cainte nó focail bhunúsacha i dteanga nó canúint an chomhpháirtí a mhúineadh agus a fhoghlaim. Is féidir le daltaí dialann foclóra, nó leabhar gearrthóg tionscadail a úsáid.

CONNECT Project Task Suggestions

CUR IN AITHNE		
TASC	GNÍOMHAÍOCHT	UIRLIS A ÚSÁIDEADH
Tasc 1	Cruthaíonn na daltaí abhatáranna chun iad féin a chur in aithne	Aip Voki nó Chatterkid
	Roinn ar Padlet agus leabaigh i TwinSpace	Padlet - sraith do gach tír
	De rogha air sin, d’fhéadfadh na daltaí ‘podchraoladh’ a chruthú i Canva chun a scoil a thaispeáint. Tabhair 5 leid faoina suíomh/ foirgneamh scoile, an aimsir srl.	Taifead go díreach isteach i Canva (N.B. Tá sé úsáideach iarratas a dhéanamh ar chuntas oideachasóra saor in aisce)
	Úsáid Canva le 5 íomhá a chur i dtoll a chéile a nascann leis na leideanna	
Uaslódáil an dá cheann ar leithligh chuig TwinSpace		
Tasc 2	Cruthaíonn gach rang míreanna mearaí dá ngrianghraf ranga le roinnt ar TwinSpace. Tuilleadh roghanna anseo:	Jigsaw Planet
	- Míreanna mearaí ranga - Míreanna mearaí léarscáil tíre - Míreanna mearaí íomhá scoile	Réitíonn gach scoil chomhpháirtíochta na míreanna mearaí
Tasc 3	Cruthaíonn múinteoirí tráth na gceist Kahoot faoi scoileanna comhpháirtíochta bunaithe ar 5-10 gceist choitianta a socraíodh roimh ré leis na comhpháirtithe, (m.sh. suíomh, airgeadra, teanga, bia, príomhchathair, etc.)	Padlet – Is féidir le múinteoirí ceisteanna agus freagraí a shocrú i Padlet roimh dóibh tráth na gceist a chruthú
	Cruthaíonn múinteoirí tráth na gceist ar Plickers agus is féidir le daltaí imirt gan gléasanna.	Kahoot - idirghníomhach
		Plickers - mura bhfuil gléas do gach dalta ar fáil (cláraigh le haghaidh cuntas saor in aisce ar plickers.com)
SEO CHUGAIBH AN TOPAIC		
Tasc 4 Suirbhéanna réamhthionscadail	Ceist Réamhthionscadail:	Cruthaigh Mentimeter leis an gceist agus roghnaigh rogha néal focal
	Ceisteanna do dhaltaí:	
	- Cad is sprioc ann? - Cad a chiallaíonn an focal sprioc? - Ar chuala tú riamh faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe?	TwinSpace
	Ceisteanna don mhúinteoir	Mentimeter
	- Cé chomh muiníneach agus atá tú na SFlanna a mhúineadh do dhaltaí? - Ar mhúin tú roimhe seo iad?	
	Comhroinn néalta focal ar TwinSpace Suirbhé réamhthionscadail do mhúinteoirí Is féidir leat suirbhé a dhéanamh ar thuismitheoirí freisin	

Tasc 5	Cruthaíonn na daltaí lógó dá dtionscadal agus vótálann siad ar fud na scoileanna comhpháirtíochta	Caith vóta, ag baint úsáide as uirlis vótála i TwinSpace
	Pléigh aidhmeanna an tionscadail, chomh maith le siombailí nó naisc le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) ar mhaith leis na daltaí a úsáid don tionscadal	D'fhéadfaí lógó a tharraingt nó a chruthú i bhfoirm dhigiteach
Tasc 6 Fadhbanna inár dtír: smaoinigh ar nós ceannaire!	Pléigh 'Cad iad na fadhbanna is mó atá roimh ár dtír faoi láthair?	Mentimeter (rogha néal focal) nó AnswerGarden
	Taispeáin íomhá na SFlanna ar an gClár Bán Idirghníomhach (CBI).	(Rogha eile: Nótaí Post-it chun a gcuid smaointe a thaispeáint)
	Nocht gach sprioc ceann ar cheann, ag iarraidh ar na páistí seasamh suas de réir mar a nascann an sprioc le fadhb a luaigh siad.	Comhroinn na torthaí i TwinSpace
	Déan nasc ar ais go dtí an focal sprioc. Mínigh do na páistí gurb iad seo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Tá sé mar aidhm ag 193 tír ar fud an domhain comhaontú a bhaint amach faoi 2030!	Cruthaigh leabhar Canva nó Book Creator de na néalta focal go léir ó na tíortha comhpháirtíochta
		(Tugann Canva rochtain saor in aisce d'oidreachasóirí ar feadh a saoil má dhéanann tú iarratas le doiciméadú bailí)
Físeán	Taispeáin an físeán réamheolais seo chun na páistí a chur ar an eolas faoi na spriocanna	CBI An ceacht is mó ar domhan - Serena Williams
	Gníomhaíocht Ealaíne	
	Obair leantach roghnach: Is féidir le páistí na spriocanna a tharraingt agus píosa ealaíne a chruthú timpeall ar gach ceann díobh. Is féidir é seo a nascadh le cruthú lógó an tionscadail	Display in online art gallery (e.g. Emaze)

Céim 2: Cruthaigh

- Roghnaíonn scoileanna comhpháirtíochta tascanna ar leith in aghaidh na seachtaine le cur i gcrích thar thréimhse míosa. Ansin cruthaíonn siad ábhar leis an méid atá foghlamtha a thaispeáint.
- Oibríonn na daltaí le chéile lena gcuid torthaí agus smaointe a chur i láthair dá scoileanna comhpháirtíochta ag úsáid Book Creator, Emaze agus Padlet. Déanfar gach ceann acu a leabú i TwinSpace.
- Breathnaigh ar roinnt moltaí taisc thíos sa chuid **CRUTHAIGH agus COMHOIBRIGH - Moltaí do Thascanna Tionscadail.**

Céim 3: Comhoibrigh

- Roinneann na daltaí a bhfuil foghlamtha acu go dtí seo.
- Cruthaíonn na scoileanna comhpháirtíochta leabhar grinn le chéile.
- Cruthaíonn na scoileanna comhpháirtíochta leabhar ansin ina bhfuil smaointe ó gach scoil chomhpháirtíochta. Roinneann siad le scoileanna eile laistigh dá bpobal áitiúil é chun spreagadh a thabhairt. (Ceithre scoil chomhpháirtíochta ar a mhéid ag comhoibriú, chun fíorcheangail chomhoibríocha a chinntiú)
- Breathnaigh ar roinnt moltaí taisc thíos sa chuid **CRUTHAIGH agus COMHOIBRIGH - Moltaí do Thascanna Tionscadail.**

Nóta: Is féidir tascanna a roghnú de réir mar is gá agus iad a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí. Féadfaidh na scoileanna comhpháirtíochta fad an tionscadail a chinneadh. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach tasc amháin a dhéanamh in aghaidh na seachtaine nó líon na dtascanna a laghdú chun níos mó ama a thabhairt do na daltaí le n-íad a chríochnú. D'fhéadfadh comhpháirtithe idir 1-4 thasc a roghnú thar thréimhse míosa chun cáilíocht an aschuir a fheabhsú.

CRUTHÚ agus COMHOIBRIÚ - Moltaí do Thascanna Tionscadail

TASCANNATOPAICE		
TASC	GNÍOMHAÍOCHT	UIRLIS A ÚSÁIDEADH
Tasc 1	Iarr ar na páistí iad féin a tharraingt mar shárlaoch, lena n-áirítear bolgán cainte faoin SFI ar mhaith leo aghaidh a thabhairt uirthi	Úsáid BookCreator chun greannán comhoibríoch a chruthú le scoileanna comhpháirtíochta
	Taispeáin mar ghreannán ranga	Cuir naisc isteach i Padlet agus leabaigh an Padlet isteach i TwinSpace
	Roinn greannáin leis an scoil chomhpháirtíochta	
Tasc 2	Smaoinigh, péireáil, roinn Cad iad na scileanna pearsanta atá ag daltaí chun cabhrú le tabhairt faoin SFI?	Taifead freagraí/smaointe ag baint úsáide as ríomhphunann nó dialann (m.sh. SeeSaw)
	Caitheann na daltaí roinnt ama ag smaoineamh ar a bhfreagraí ar na ceisteanna seo a leanas:	
	- Cad atá speisialta fút féin a dhéanann duine uathúil díot? - Cad iad na scileanna nó na tréithe atá agat cheana féin a d'fhéadfá a fhorbairt tuilleadh chun cabhrú le dul i ngleic leis na spriocanna anois nó amach anseo? - Cén saghas duine ar mhaith leat a bheith nuair a bheidh tú níos sine?	Úsáid gailearaí ealaíne Emaze chun saothar ealaíne na bpáistí a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo a roinnt agus a thaispeáint
	Gníomhaíocht Tarraingíonn na daltaí a lámh, scríobhfaidh siad focail timpeall uirthi i ndathanna éagsúla chun a thaispeáint cén rud a dhéanann daoine uathúla díobh agus cad iad na scileanna atá acu	
	Dírigh ar fhocail a dhéanann cur síos, mar shampla, ar thréithe, ar scileanna agus ar eolas	
EXPANDING THE TOPIC:		
Tasc 3	Mo phobal Priontáil léarscáil den phobal áitiúil, nó taispeáin i Google Maps é	Úsáid an uirlis ZeeMaps nó Google Maps áit do phobail áitiúil a roinnt le comhpháirtithe agus chun suíomh do scoile a thaispeáint
	Iarr ar na daltaí plé agus marcáil a dhéanamh ar réimsí atá ag cabhrú go gníomhach le dul i ngleic leis na spriocanna domhanda, mar shampla: páirceanna, ionaid athchúrsála, ionaid phobail, scoileanna cuimsitheacha, srl.	

Tasc 4	Déan turas allamuigh chun grianghraif a ghlacadh de chuid de na réimsí marcáilte. (De rogha air sin, is féidir le múinteoirí é seo a dhéanamh.) Roinn le scoileanna comhpháirtíochta i bPadlet comhoibríoch	Cruthaigh Padlet chun grianghraif an cheantair a thaispeáint agus an sprioc ar a bhfuil siad ag díriú
---------------	--	---

AG ROGHNÚ SPRIOC FÓCAIS CHUN CRÍOCHNÚ:

Tasc 5	Roghnaigh príomhspríoc mar fhócas, mar shampla: • Sprioc 14: Saol Faoi Uisce • Sprioc 15: Saol ar Talamh Iarr ar na páistí suirbhé a dhéanamh ar cé mhéad mála bruscair a dhéanann siad a dhiúscairt thar thréimhse ama sa bhaile m.sh. 1 lá/1 seachtain (D'fhéadfadh sé seo a bheith ina ghníomhaíocht obair bhaile scoile uile le nascadh le tuismitheoirí) Roinn na torthaí ó gach scoil chomhpháirtíochta i ngraf	Taispeáin íomhá de na spriocanna ar an scáileán, nó priontáil amach é do na páistí Cruthaigh grafuirlis ó NCES Roinn na torthaí trí TwinSpace
---------------	---	---

Tasc 6	Mapáil Smaointe • Cruthaigh mapa smaointe leis na páistí ag fiosrú bealaí chun bruscar a laghdú sa bhaile agus ar scoil, bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé i dTasc 5, m.sh. dramhaíl a laghdú, athchúrsáil, múirín, dramhaíl bia a laghdú le leideanna cócaireachta, srl. Dearann na páistí Bileog 'Leideanna' Glacann na múinteoirí grianghraf de dhearadh na bpáistí agus cuirtear le chéile iad i ríomhleabhar ar féidir é a roinnt leis na scoileanna comhpháirtíochta go léir agus le pobal na scoile i gcoitinne	AnswerGarden Táirge comhoibritheach ó Book Creator nó Canva
---------------	--	--

MEASÚNÚ IAR-THIONSCADAIL

Tasc 7	Measúnú spraiúil do dhaltaí Úsáideann múinteoirí cluichí idirghníomhacha Word-wall chun teachtaireacht na spriocanna agus na réiteach atá ceaptha acu a threisiú chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt orthu • Is féidir é seo a úsáid freisin chun tuiscint na ndaltaí ar na topaicí a mheas Suirbhé Múinteoirí Iar-thionscadail C1. Cé chomh muiníneach is atá tú anois agus tú ag dul i ngleic le topaic na SFlanna le do dhaltaí? C2. Cén chaoi ar athraigh do chur chuige maidir leis an topaic seo a theagasc?	Wordwall chun cluichí a chruthú (ceadaíonn leagan saor in aisce duit 5 chluiche a chruthú) Tá go leor cluichí saor in aisce ar fáil sa rannóg pobail freisin ar féidir iad a shain-oiriúnú le haghaidh úsáide. (Is féidir úsáid a bhaint as Plickers mura bhfuil gléas ar fáil do gach duine agaibhse nó ag an scoil chomhpháirtíochta) Mentimeter
---------------	---	---

Torthaí Foghlama

Beidh ar chumas na ndaltaí :

- Tabhairt faoi mhalartú cultúrtha ar líne le daltaí ó thíortha éagsúla chun comhfheasacht agus comhthuisctint ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) a chothú.
- Cur lena n-eolas ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe
- A gcuid scileanna mar ghníomhairí athraithe a shainaithint maidir leis na SFlanna
- Scileanna eolaíochta, ealaíne, digiteacha agus litearthachta a fhorbairt
- Scileanna a fhorbairt i bhfoghlaim tionscadal-bhunaithe
- Páirt a ghlacadh i bhfoghlaim chomhoibríoch trí oibriú le chéile ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí a chothaíonn freagracht chomhroinnte agus obair foirne, a chothaíonn braistint pobail agus nascacht idir comhpháirtithe
- A gcuid scileanna litearthachta digití a fhorbairt trí úsáid a bhaint as ardáin éagsúla ar líne agus as uirlisí digiteacha le haghaidh cumarsáide, taighde agus comhoibrithe, i gcomhthéacs tionscadail eTwinning
- Feabhas a chur ar a scileanna cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid scríofa agus labhartha, trí smaointe a mhalartú, trí fhaisnéis a roinnt agus trína gcuid tionscadal a chur i láthair

Naisc Churaclaim

Bunscoil: Rang 2 go 6

ÁBHAR	SNÁITHE
Tíreolaíocht	• Timpeallachtaí Daonna • Feasacht agus Cúram Comhshaoil
Eolaíocht	• Feasacht agus Cúram Comhshaoil
OSPS	• Mé féin • Mise agus an Domhan Mór
Gaeilge	• Glacacht le teanga • Inniúlacht agus muinín in úsáid teanga • Cumais chognaíoch a fhorbairt trí theanga • Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga
Ealaín	• Líníocht
Deiseanna traschuraclaim	• Scileanna Digiteacha

Meastóireacht agus Measúnú

- Is féidir meastóireachtaí a dhéanamh ar fud an tionscadail tar éis gach gníomhaíochta trí mhachnamh na ndaltaí a bhailiú i ndialann tionscadail nó trí logaí foghlama.
- Is féidir suirbhé do mhúinteoirí comhpháirtíochta a thabhairt ag tús agus ag deireadh an tionscadail araon.
- Is féidir suirbhé a dhéanamh ag tús agus ag deireadh an tionscadail chun tuiscint na ndaltaí ar na SFlanna agus ar shlite inar féidir aghaidh a thabhairt orthu a mheas.
- Is féidir daltaí a mheas freisin ag deireadh an tionscadail trí chluichí, chun a dtuiscint ar na SFlanna a mheas.
- Is féidir daltaí a mheas i ngrúpaí/ina n-aonair, bunaithe ar a gcur i láthair do chomhdhaltaí ranga, do ranganna eile, nó do thuismitheoirí.
- Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht na ndaltaí i ndíospóireachtaí, fóraim agus ardáin chomhoibríocha ar líne. Breathnaigh ar cháilíocht na rannchuidithe, ar rannpháirtíocht le píaraí agus ar an gcumas smaointe a chur in iúl go héifeachtach.
- Is féidir meastóireachtaí a dhéanamh ar scileanna litearthachta digití na ndaltaí trína gcumas a mheas ar dáin ar líne a nascleanúint agus a úsáid, comhoibriú go héifeachtach trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus faisnéis a chur i láthair ar bhealach atá tarraingteach agus soiléir ó thaobh amhairc de.
- D'fhéadfadh bileoga machnaimh, logaí foghlama, pobalbhreitheanna ar líne agus plé i bhfóraim eTwinning a bheith i measc na n-uirlisí piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe don tionscadal.
- Is féidir tráth na gceist agus tascanna ar líne a úsáid chun tuiscint na ndaltaí a mheas.

Scaipeadh/obair leantach

- Is féidir suíomh gréasáin **scoile nó blog tiomnaithe** a úsáid chun cuspóirí, gníomhaíochtaí agus torthaí an tionscadail a thaispeáint. Is féidir é a thabhairt cothrom le dáta go rialta le hailt, grianghraif agus smaointe ó na scoileanna rannpháirteacha.
- Is féidir **cur i láthair** a chruthú do ranganna eile chun cluichí/míreanna mearaí na ndaltaí srl a thaispeáint. D'fhéadfadh ranganna sinsearacha oibriú leis na ranganna sóisearacha.
- Féadfaidh thuismitheoirí a bheith san áireamh i **suirbhéanna réamhthionscadail** faoi na SFlanna.
- Is féidir le daltaí **ceardlanna do thuismitheoirí** atá bunaithe ar leideanna praiticiúla chun cabhrú le dul i ngleic leis na SFlanna a éascú.
- **Seoladh an ríomhleabhair** do thuismitheoirí. D'fhéadfadh sé seo nascadh leis an leabharlann áitiúil agus le scoileanna áitiúla eile.
- Is féidir an **Book Creator Library** a roinnt le scoileanna áitiúla chun spreagadh a thabhairt.
- Is féidir **taispeáint don Leabharlann Áitiúil** a chruthú chun foghlaim na ndaltaí a léiriú.
- D'fhéadfadh múinteoirí na scoileanna comhpháirtíochta **Uair an Eolais (Seisiún)** a óstáil do chomhghleacaithe laistigh dá scoileanna féin, ag plé an tionscadail agus ag léiriú na n-uirlisí a úsáideadh. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chabhair d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí laistigh dá scoil.
- Is féidir **ardáin na meán sóisialta** a úsáid chun nuashonruithe tionscadail, gnóthachtálacha agus príomhfhoghlaim a roinnt.
- Is féidir **seisiúin machnaimh** a dhéanamh leis na rannpháirtithe, chun tionchar fadtéarmach an tionscadail ar a gcuid scoileanna a phlé.

Email: etwinning@leargas.ie
LinkedIn: eTwinning Ireland